## AN tACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT 2000 (ARNA LEASÚ)

## FÓGRA FAOIN nGNÁS ÓN AIRE TITHÍOCHTA RIALTAIS ÁITIÚIL AGUS OIDHREACHTA CHUIG COMHAIRLE CATHRACH NA GAILLIMHE MAIDIR LE CUR LE CHÉILE PLEAN FORBARTHA CHATHAIR NA GAILLIMHE 2023-2029

De bhun Alt 31 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), fógraítear leis seo go bhfuil Dréacht-Treoir eisithe ag an Aire, de réir fhorálacha an Achta thuas, do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe maidir le cur le chéile Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029.

Siad seo a leanas na cúiseanna a mbaineann leis an Dréacht-Treoir:

**I. De bhun Alt 31(1)(b), Alt 31(1)(ba)(i) agus Alt 31(1)(c) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)**

Áiríonn an Plean Forbartha mar a rinneadh talamh criosaithe le haghaidh forbartha cónaithe nach bhfuil ag teacht leis an gCroí-Straitéis leis an mbeartas pleanála náisiúnta agus réigiúnach, agus le pleanáil cheart agus le forbairt inbhuanaithe an cheantair, lena n-áirítear:

a). Talamh criosaithe le haghaidh forbartha cónaithe nach bhfuil ag teacht leis an gCroístraitéis sa Phlean a glacadh.

b). Talamh criosaithe le haghaidh forbairt chónaithe píosa ar phíosa agus neamhsheicheamhach i suíomhanna imeallacha agus neamhsheirbhísithe nach bhfuil de réir riachtanais an dlúthfháis sa CBN (Cuspóir an Bheartais Náisiúnta) 3(a-c) agus sa CBR (Cuspóir an Bheartais Réigiúnaigh) 3.2 de Straitéis Réigiúnach an Spáis agus na hEacnamaíochta (SRSE) agus chun cumas na gcriosanna glasa agus na spásanna glasa a neartú faoi CBN 62, an riachtanas faoi alt 10(2)(n) chun críche an Achta chun lonnaíocht inbhuanaithe agus straitéisí an iompair a chur chun cinn d'fhonn úsáid an fhuinnimh a laghdú agus chun astaíóchtaí gás ceaptha teasa (GCT) a laghdú, agus nach tabharfaidh sé aird ar an gcur chuige seicheamhach i leith na forbartha a fhéachann do bheartas agus do chuspóir na dTreoirlínte um Pleananna Forbartha d’Údaráis Phleanála (2022) (“Treoirlínte an Phlean Forbartha”) maidir leis an gcur chuige seicheamhach i leith criosú na forbartha cónaithe (cuid 6.2.3).

**II. De bhun Alt 31(1)(ba)(i) agus Alt 31(1)(c) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)**

Áiríonn an Plean Forbartha mar atá sé limistéir fhairsing na dtalún atá criosaithe mar Chónaithe R2 ar mhodh píosa ar phíosa i suíomhanna neamhsheirbhísithe agus imeallacha agus/nó iargúlta, agus níos minice i gceantair atá criosaithe ar bhealach eile mar Thalmhaíocht nó mar Thalmhaíocht agus Ard Thaitneamhacht, a bhainfeadh de chumas na cathrach sprioc an fháis dhlúth 50% acu a chur ar fáil sa CBN 3(a-c), agus atá ar neamhréir le CBN 62 chun cumas na gcriosanna glasa agus na spásanna glasa a neartú ag leibhéal na cathrach.

**III. De bhun Alt 31(1)(ba)(i) agus Alt 31(1)(c) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)**

Tá an talamh atá criosaithe mar Fhiontar, Tionscal Éadrom agus Tráchtála (CI) ag an suíomh iargúlta gan seirbhís ar Bhóthar Chúlaigh (leasú ábhartha A.4) ar neamhréir leis an gcur chuige srathach maidir le criosú faoin CBN 72 (a-c) den CNP, an ceanglas faoi alt 10 (2)(n) chun cuspóirí an Achta chun lonnaíocht inbhuanaithe agus straitéisí iompair a chur chun cinn le haghaidh úsáid an fhuinnimh agus astaíochtaí GCT a laghdú, agus nach dtugann sé aird ar na Treoirlínte maidir le Pleananna Forbartha a mbaineann leis an bhforbairt sheicheamhach sa chomhthéacs

cathrach, go háirithe i ndáil leis an tosaíocht a thabhairt d'fhorbairt nua feadh chonairí an iompair phoiblí ar ardchaighdeán.

**IV. De bhun Alt 31(1)(ba)(i) agus Alt 31(1)(c) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)**

Tá talamh atá criosaithe le haghaidh forbartha cónaithe i gceantair ar eol go bhfuil siad i mbaol tuilte ar neamhréir le CBN 57 de CNP, a fhéachann le forbairt mhíchuí a sheachaint i gceantair atá i mbaol tuilte de réir Threoirlínte an Aire arna n-eisiúint faoi Alt 28 den Acht, An Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca Tuilte, Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2009) ("Treoirlínte na dTuilte").

**I. De bhun Alt 31(1)(c) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)**

Níor cuireadh an dóthain chúise ná mínithe ar fáil maidir le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair chun a mhíniú cén fáth a bhfuil tailte criosaithe mar seo agus conas a thagann an cur chuige seo (a bhaineann le teip ar thailte a chriosú de réir Treoirlínte an Phlean Forbartha agus Treoirlínte na dTuilte) leis an straitéis iomlán maidir le forbairt chuí agus inbhuanaithe an cheantair.

**V. De bhun Alt 31(1)(a)(i)(II) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)**

Ní dhearnadh an Plean Forbartha ar bhealach a thagann leis na moltaí de chuid Oifig an Rial-tóra Pleanála faoi Alt 31 AM den Acht, ná lena gcur i bhfeidhm.

Is féidir an Dréacht-Treoir agus na sonraí lena mbaineann a fheiceáil agus a íoslódáil ón suíomh Gréasáin ag www.galwaycity.ie agus ar an tairseach comhairliúcháin ar líne consult.galwaycity.ie. Is féidir á iniúchadh freisin ag An Rannóg Pleanála, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste, Gaillimh, H91 X4K8, idir 9rn agus 4in, Luan go hAoine.

Sé tréimhse an chomhairliúcháin phoiblí ná Dé hAoine an 20 Eanáir 2023 go dtí 4in ar an Aoine an 3 Feabhra 2023. Is féidir aighneachtaí nó tuairimí maidir leis an Dréacht-Treoir a chur i scríbhinn faoi bhráid an Údaráis Phleanála le linn na tréimhse comhairliúcháin agus cuirfidh Oifig an Rialtóra Pleanála san áireamh iad sula ndéanann sé a chuid mholtaí don Aire ar an ábhar.

Is féidir aighneachtaí nó tuairimí a dhéanamh i scríbhinn trí:

- Úsáid a bhaint as an tairseach comhairliúcháin ar líne i ndiaidh clárú a dhéanamh ag consult.galwaycity.ie
- Trí ríomhphost chuig devplan@galwaycity.ie
- D'aighneachtaí nó do thuairimí a chur sa phost chuig an bPleanálaí Sinsearach, An Roinn Pleanála, Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste, Gaillimh, H91 X4K8.

Sé an **4in ar an Aoine an 3 Feabhra 2023** an dáta deiridh le haghaidh aighneachtaí nó tuairimí a fháil. Tabhair faoi deara nach féidir bhreithniú a dhéanamh ar aighneachtaí/tuairimí déanacha.

Cosaint na sonraí

Tabhair faoi deara le go bhfoilseofar gach aighneacht/tuairim bhailí a fhaigheann an Chomhairle ar shuíomh Gréasáin/tairseach comhairliúcháin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus go mbeidh siad mar chuid de Thuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ar na haighneachtaí/na tuairimí a fuarthas. Feidhmíonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe faoi réir riachtanais an Achta um Shaoráil Faisnéise,

2014, an Achta um Chosaint Sonraí, 2018 agus na Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS). Ní dhéanfar sonraí a phróiseáil ach i gcomhréir leis an reachtaíocht thuasluaite.

Tá Ráiteas na Príobháideachta maidir le bainistiú na n-aighneachtaí a rinneadh le linn an phróisis chomhairliúcháin phoiblí seo le fáil anseo ar an Tairseach: https://www.galwaycity.ie/planning-privacy-statement. Tá polasaí na príobháideachta de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe le feiceáil ag: https:// www.galwaycity.ie/privacy-policy.

Patricia Philbin, Stiúrthóir na Seirbhísí, Forbairt Bonneagair, Pleanáil agus Athrú na hAeráide.

Eanáir 2023